Mí na Samhna 2026

Is é téama 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2027' ná *Cuireadh: Ár gcroí agus ár n-anam a spreagadh le maireachtáil i gCríost*. Táimid ag súil le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2027 a cheiliúradh, agus tapaímid an deis i rith mhí na Samhna, smaoineamh ar an mhuintir a d'imigh romhainn agus guí go dóchasach ar a son, ar mhaithe leis an aiséirí. Is í aidhm na hacmhainne seo ná tacaíocht a sholáthar do na scoileanna agus straitéis cheachta agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil do Mhí na Marbh. Tugann Tráth na Samhna deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an mbealach ina dtugann Dia sólás don mhuintir atá faoi bhrón, agus gur féidir an bás a chloí trí ghlóir an aiséirí.



'Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad'.' (Matha 5:4)

Do na Paróistí

Is féidir an tráth seo a shuiteáil i lár na dtéamaí liotúirgeacha do mhí na Samhna, agus don Aifreann/Liotúirge ar Lá na Marbh, agus smaoineamh ar an mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne. Is fiú guí orthusan nach bhfuil duine ná deoraí le paidir a chur ar a son, chomh maith. Is féidir an tSeirbhís Urnaí (lth. 8) a chur ar siúl sa pharóiste le páistí nó le déagóirí, nó ar scoil más féidir a leithéid a dhéanamh.

Acmhainn

- Ábhar oiriúnach ó *Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann*
- Ceacht na Sóisear (Naíonáin Bheaga–Rang 2/P1–P4)
- Ceacht na Sinsear (Rang 3–Rang 6/P5–P7)
- Seirbhís Urnaí an Chuimhneacháin

Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann

LEIBHÉAL 1

Snáithe: An Creideamh Críostaí
Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona go síoraí ar neamh leis. (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; *Teagasc Críostaí na hEaglaise Caitlicí [CCC]*, 1023).
- Ar bhás dúinn téimid abhaile chun Dé. (*CCC*, 1020).

Snáithe: Liotúirge & Urnaí
Snáithaonad: Paidreacha Breise

- Urnaí ar son na marbh/ar son na n-easlán agus iad san atá ar tí báis.

LEIBHÉAL 2

Snáithe: An Creideamh Críostaí
Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Gheall Íosa beatha úr ar domhan dúinn agus tar éis bháis dúinn.
- Creidimid:
  - go gcuirfidh Dia glao ar neamh orainn ar uair ár mbáis (*CCC*, 1011).
  - Is é plean Dé ar bhás dúinn go rachaimis ar neamh le maireachtáil in éineacht le Dia ar neamh, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh. (*CCC*, 1024).

Snáithe: Liotúirge & Urnaí
Snáithaonad: An Bhliain Liotúirgeach

- Ar Lá Fhéile na Marbh cuimhníonn an Eaglais ar an mhuintir a fuair bás, agus guitear ar a son.

LEIBHÉAL 3

Snáithe: An Creideamh Críostaí
Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona ar neamh go síoraí leis, trí Íosa ár Slánaitheoir. (*Gaudium et Spes [GS]*, 18; *CCC*, 1026).
- D'aiséirigh Críost ó na mairbh ina chorp féin agus chuaigh ar neamh ionas go bhféadfaimis An Bheatha Shíoraí a roinnt leis in am agus i dtráth. (*CCC*, 666–7).
- Arsa an Tiarna Íosa, 'An té a chreideann ionam, beidh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é ar an lá deireanach." Creideann na Críostaithe go dóchasach go bhfuil beatha úr i ndán dóibh le hÍosa aiséirithe. Tugtar An Bheatha Shíoraí air. (1 Cor 15:23-4).
- 'Díreach mar a d'aiséirigh Críost, agus maireann go síoraí, aiséireoimid féin ar Lá an Luain.' (*CCC*, 1016; 1 Cor 15:54-7).
- Creideann na Críostaithe go bhfeicfidh siad Críost ar lá an bháis, agus go mbeidh siad ina theannta. (1 Cor 13:12).

LEIBHÉAL 4

Snáithe: An Creideamh Críostaí
Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Leanfaidh an mhaith atá ar domhan, go síoraí ar neamh.
- Cabhraíonn gach gníomh cineáltais, flaithiúlachta, seirbhíse, le tógáil na ríochta.
- Is é sonas na bhflaitheas ná maireachtáil go síoraí le Dia agus leis na naoimh ar bhealach grámhar tuisceanach. (*CCC*, 1024, cf. 1026–7).
- Éagfaidh an corp, ach aiséireoidh arís (ar bhealach athnuaite) ag deireadh ré. (Aiséirí na Colainne; cf. *Lumen Gentium [LG]*, 48; *CCC*, 988–90, 1020).
- De bharr ghrásta agus trócaire Dé, táimid dóchasach mar Chríostaithe go bhfuil an mhuintir a ghráigh Dia in éineacht leis ar neamh. (*GS*, 18).
- Guíonn an Eaglais go slánófar cách. (*CCC*, 11058).
- Guíonn na Caitlicigh ar son na n-anamacha i bpurgadóir ar Lá na Marbh agus ar feadh na bliana.
- Cuireann an Eaglais na mairbh faoi choimirce thrócaire Dé agus guíonn an Eocairist ach go háirithe, agus paidreacha eile ar a son.

Ceacht na Sóisear
Naíonáin Bheaga–Rang 2 (P1–P4)

Nótaí don Oide
Mí ar leith i bhféilire na hEaglaise í mí na Samhna ina dtugtar cuireadh dúinn cuimhneamh ar na mairbh agus guí ar a son, ar son na naoimh sin a raibh aithne againn orthu inár saol féin, a chuaigh romhainn i gcreideamh ghealltanas aiséirí Chríost, an gealltanas a deir go bhfuil grá Dé chomh mór sin go gcloífidh sé an bás féin. Tugtar cuireadh dúinn freisin guí ar son anamacha na marbh ar fad, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil aon duine eile acu le guí ar a son. Mar scoil Chaitliceach, tugtar cuireadh dúinn am agus spás a chur ar fáil ag an tráth speisialta seo mar mhachnamh agus mar chuimhneachán ar ár gcairde agus ar an mhuintir atá anois le Dia ar neamh.



Bíodh na hoidí discréideach maidir le gnéithe áirithe den ábhar seo a chur os comhair na ndaltaí, i gcás na ndaoine sin ar cailleadh gaolta leo le déanaí, ach go háirithe.


Fiosraigh
Mínigh dóibh go dtugtar cuireadh dúinn i rith Mhí na Samhna, cuimhneamh siar. Iarrtar orainn an mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne a thabhairt chun cuimhne. Cé gur ábhar crua brónach é bás na muintire muirní, is tábhachtach an rud é go gcuimhneoimis ar an lúcháir agus ar an sonas a thugadar isteach inár saol. Bímid go mór ina ndiaidh, ach bíonn áit ar leith acu inár gcroíthe, agus iad anois ar neamh. Nuair a smaoinímid orthu, tugaimid an sonas a thugadar isteach inár saol chun cuimhne, agus an grá a bhronnadar orainn

Gníomhaíocht
Bain úsáid as an leathanach oibre thíos le crann an chuimhneacháin a chruthú ar scoil, nó sa seomra ranga.

Iarr ar na daltaí ainm a scríobh nó pictiúr a tharraingt den duine a bhí ar aithne acu agus a fuair bás, ar aghaidh na duilleoige. Is féidir peata a lua san áit sin, mura mbíonn taithí ag páistí áirithe ar ghaol ná ar chara a chailliúint. Gearr amach an duilleog, cuir poll ann agus croch ar ghéag an chrainn chuimhneacháin é le píosa téide.

Mar mhalairt ar a leithéid, is féidir na duilleoga a leagadh ag bun an chrainn loim, nó iad a chur i gciseán. Cuir an crann san ionad urnaí nó i bhforsheomra na scoile ionas gur féidir le daoine eile cur leis.

Tráth na Samhna
Bileog Oibre na Sóisear



Ceacht na Sinsear
Rang 3–Rang 6 (P5–P7)

Nótaí don Oide

Mí ar leith i bhféilire na hEaglaise í mí na Samhna ina dtugtar cuireadh dúinn cuimhneamh ar na mairbh agus guí ar a son, ar na naoimh sin a raibh aithne againn orthu inár saol féin, a chuaigh romhainn i gcreideamh ghealltanas aiséirí Chríost, an gealltanas a deir go bhfuil grá Dé chomh mór sin go gcloífidh sé an bás féin. Tugtar cuireadh dúinn freisin guí ar son anamacha na marbh ar fad, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil aon duine eile acu le guí ar a son. Mar scoil Chaitliceach, tugtar cuireadh dúinn am agus spás a chur ar fáil ag an tráth speisialta seo mar mhachnamh agus mar chuimhneachán ar ár gcairde agus ar an mhuintir atá anois le Dia ar neamh.

Fiosraigh

Is rud traidisiúnta é, i rith mhí na Samhna, cuimhneamh ar an mhuintir atá ar shlí na fírinne. Mínigh.

Tugtar cuireadh dúinn i rith mhí na Samhna smaoineamh ar an mhuintir mhuirneach atá imithe uainn. I rith mhí na Samhna bíonn an domhan timpeall orainn ag éirí lom, agus cuirtear tús le tráth sosa. Titeann na duilleoga ó na crainn, bíonn ainmhithe ag geimhriú agus tostann gleo an domhain ar feadh tamaill. Bíonn an domhan ag feitheamh le teacht an earraigh athuair.

Tagann borradh agus fás ar domhan le teacht an Earraigh. Baineann timthriall in aghaidh na bliana leis na ceithre ráithe, bíonn athrú aimsire ann, agus athruithe eile ar an domhan mórthimpeall orainn.

Pléigh na rudaí a bhíonn le sonrú timpeall orainn de réir na séasúr.
Cad iad comharthaí na séasúr: an tEarrach, an Samhradh, an Fómhar, an Geimhreadh?

Ar iliomad bealaí, bíonn timthriall na gceithre ráithe cosúil le beatha an duine. Seasann na séasúir éagsúla do thrátha éagsúla inár saol. Beirtear san Earrach sinn, is beatha úr muid, 7rl.

Déan plé leis an rang maidir leis an mbealach ina mbeadh na séasúir éagsúla cosúil le tráthanna éagsúla inár saol féin.

Cé gur rud deacair agus brónach é slán a fhágáil le duine den mhuintir mhuirneach, creidimid mar lucht leanúna Íosa go n-athaontófar lena chéile arís ar neamh muid, i ndiaidh an bháis (an Geimhreadh) agus gur chuid de shaol úr an Earraigh ansin muid sa bheatha shíoraí. Creidimid nach é an deireadh ar fad é an bás, ach amháin gur deireadh leis an am a chaithimid ar domhan é. Nuair a bhímid ag cuimhneamh ar an mhuintir mhuirneach a d'imigh romhainn, smaoinímid ar an lúcháir is ar an ngrá a bhronnadar orainn, ag gach aon tráth dá saol.

Gníomhaíocht


1. Iarr ar na páistí an leathanach oibre thíos a líonadh ionas go seasfaidh gach aon cheathrú do ráithe éagsúil, agus don mhéid atá le sonrú thart orainn ar domhan i rith an trátha sin.

2. 'Lig Uait'. Bíonn sampla foirfe beo de thimthriall an nádúir ar fáil má bhíonn siúlóid nádúir agaibh go déanach san fhómhar, agus samplaí a bhreith abhaile libh le cur i ndialann, nó le colláis a dhéanamh leo. Bíodh siúlóid taobh amuigh agaibh lá breá fómhair. Iarr ar na daltaí féachaint go grinn ar na crainn. Ní bhíonn cumha ar na crainn i ndiaidh na nduilleog atá tite; bíonn muinín acu as an nádúr agus as timthriall na beatha, go bhfásfaidh na duilleoga athuair san Earrach. Pléigh an tuairim seo.

   Iarr ar na daltaí duilleoga le dathanna láidre, dearcáin, nó cipíní a bhailiú. Nuair a bhíonn siad ar scoil arís, is féidir na samplaí a ghreamú ar leathanach nó i ndialann, nó i leabhar gearrthóg. In aice leis na rudaí éagsúla, scríobh síos samplaí de na buanna atá acu féin, sa tráth seo dá saol féin.

3. Breathnaigh agus éist leis an scéal: 'The Fall of Freddy the Leaf' le Leo Buscaglia ag an nasc thíos. Déanann an scéal iniúchadh ar thimthriall na séasúr trí shúile na duilleoige.
   https://www.youtube.com/watch?v=c8ZjVXyNbhI

Tráth na Samhna
Bileog Oibre na Sinsear



Seirbhís Urnaí

Is féidir an tseirbhís urnaí a reáchtáil sa seomra ranga, i halla na scoile nó sa seomra urnaí. Is féidir sruthú beo ar sheirbhís ó sheomra ranga áirithe a chur timpeall na scoile, nó d'fhéadfadh na ranganna éagsúla seirbhís dá gcuid féin a reáchtáil.

Nithe don Spás Urnaí

- Crann/bosca/leabhar cuimhneacháin
- Bíobla
- Scaraoid bhán
- Bord
- Coinneal
- Uisce Coisricthe
- Cros Chéasta

Ceannaire: Dia daoibh ar maidin. Cruinnímid lena chéile inniu mar phobal scoile chun cuimhneamh orthu, agus guí ar son gach duine dár muintir, dár gcairde, dár ngaolta agus dár gcomharsana atá imithe ar shlí na fírinne. Guímid freisin ar son na ndaoine nach bhfuil duine ar bith acu le guí a chur ar a son. Cuimhnímid ar na daoine seo ach go háirithe i rith mhí na Samhna agus muid ag cuimhneamh freisin ar ghealltanas an aiséirí: go ndéanfar gach deoir a ghlanadh. Tá a fhios againn gur mó grá Dé ná an bás, agus guímid go bhfuil na daoine atá imithe ar shlí na fírinne anois i mbaclainn ghrámhar Dé. Cuirimid tús lenár nguí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen

Amhrán Tosaigh: The Clouds' Veil (nó iomann oiriúnach ar bith)

Ceannaire: Cuimhnímid inniu ar an mhuintir atá ar shlí na fírinne agus leagaimid an bosca urnaí ar altóir na Samhna. Múineann Íosa dúinn go sáraíonn grá Dé an bás. Éistimis anois le Briathar Dé.

Léacht: Sliocht ó leabhar Íseáia Fáidh (Ís 25:6-9).

Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir cóisir saille, cóisir do rogha na bhfíonta, de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfíonta; agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile; cuirfidh sé an bás ar ceal go deo.

Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile; óir is é an Tiarna a dúirt é. Déarfar an lá sin: 'Breathnaígí, is é ár nDia é, a raibh muid ag dréim le slánú uaidh; is é an Tiarna é, a raibh muid ag dréim leis. Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn'.

Sin é Briathar Dé.

Cách: Buíochas le Dia.

Ceannaire: Cruinnímid lena chéile anseo le guí ar son na marbh. Is é an freagra ná: 'Go lonraí solas Chríost anuas orthu.'

Cách: Go lonraí solas Chríost anuas orthu.

Léitheoir 1: Ar son ár gcairde agus ár ngaolta a fuair bás. (Freagra)

Léitheoir 2: Ar son mhúinteoirí agus baill fhoirne na scoile seo a fuair bás. (Freagra)

Léitheoir 3: Ar son na ndaoine ón phobal is ón pharóiste seo a fuair bás le bliain anuas. (Freagra)

Léitheoir 4: Ar son na ndaoine a fuair bás gan duine a smaoineodh orthu. (Freagra)

Léitheoir 5: Ar son na ndaoine a aireoimid uainn in aghaidh an lae. (Freagra)

Léitheoir 6: Ar son na ndaoine uile atá luaite i mbosca urnaí na Samhna. (Freagra)

Ceannaire: Tuigimid gur ghuigh Íosa go leanúnach chun an Athar ar Neamh. D'iarr sé orainne guí chuig Dia ár nAthair chomh maith. Dá bhrí sin, de réir mar a mhuin Íosa dúinn, tá sé de mhisneach againn a rá:

Cách: *Ár nAthair …*

Ceannaire: A Dhia ghrámhar, gabhaimid buíochas as saol na muintire muirní. Táimid buíoch as an lúcháir agus as an ngrá a roinneadar linn. Tabhair aire don mhuintir atá go mór ina ndiaidh ag an am seo, agus cuir do bheannacht ar chách agus iad ag súil go muiníneach le glóir shíoraí an aiséirí. Deonaigh go n-athaontófar lena chéile ar neamh muid, áit nach mbíonn caoineadh ná olagón ann. Déanaimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna.

Cách: Amen.

Léitheoir 7: Go dtuga an Tiarna tacaíocht leanúnach dúinn,
go dtiteann clapsholas agus go tús na hoíche,
go mbíonn deireadh le gnó an lae, go mbíonn saothar an tsaoil thart,
go mbíonn ár gcuid oibre curtha i gcrích againn.
Go mbreathnaí an Tiarna go trócaireach orainn ansin,
agus tearmann síoraí, síochánta agus suaimhneach ar a dheasláimh a bhronnadh orainn.

Ceannaire: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

Cách: Amen.

Amhrán Deiridh: Is é an Tiarna m'Aoire (nó iomann oiriúnach ar bith)